



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2023  
(OR. en)

12333/23  
ADD 1

LIMITE

CORLX 803  
CFSP/PESC 1150  
CONOP 69

## NÓTA

---

Ábhar: Cinneadh ón gComhairle maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumas faireacháin agus fóraithe a neartú – IARSCRÍBHINN

---

## IARSCRÍBHINN

# TACAÍOCHT DO GHNÍOMHAÍOCHTAÍ CHOIMISIÚN ULLMHÚCHÁIN EAGRAÍOCHT AN CHONARTHA UM CHOSC CUIMSITHEACH AR THRIALACHA NÚICLÉACHA (CTBTO)

## 1. Cúlra

An 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta ('an Straitéis'), ina bhfuil, i gCaibidil III, liosta de na bearta is gá a dhéanamh laistigh den Aontas agus i dtríú tíortha chun an leathadh sin a chomhrac.

- Is gné ríthábhachtach den ailtireacht idirnáisiúnta neamhleata é an Conradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBT) lena gcuirtear cosc ar gach pléasc núicléach. Is beart láidir muiníne agus tógála slándála é CTBT agus is srian cumhachtach é ar leathadh arm núicléach, rud a chuireann cosc ar fhorbairt arm núicléach ag tíortha nach bhfuil siad acu faoi láthair, chomh maith le huasghráduithe chuig armlanna núicléacha atá ann cheana.

Tá norm cumhachtach domhanda bunaithe ag CTBT i gcoinne tástáil arm núicléach, a bhfuil córas domhanda faireacháin tástála núicléiche úrscothach agus an-íogair mar thaca leis, Córas Faireacháin Idirnáisiúnta (IMS) Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) a dhéanann faireachán ar chomhlíonadh an Chonartha.

Níor tháinig an Conradh i bhfeidhm go fóill agus tá iarrachtaí domhanda fós á ndéanamh chun príomhspríoc an chomhphobail idirnáisiúnta agus an chláir oibre síochána agus slándála a bhaint amach. Ag an am céanna, soláthraíonn IMS CTBTO sreabhadh seasta sonraí fíor-ama tríd an Lárionad Idirnáisiúnta Sonraí chuig an bpobal idirnáisiúnta chun a chinntiú nach dtarlaíonn sé nach mbraitear aon tástáil núicléach. Tá cumais agus teicneolaíochtaí cigireachta ar an láthair na hEagraíochta á bhforbairt agus á n-ullmhú freisin le haghaidh theacht i bhfeidhm an Chonartha.

Tá a Straitéis á cur chun feidhme go gníomhach ag an Aontas Eorpach (AE) agus, le breis agus 10 mbliana anuas, cuireann sé ranníocaíochtaí suntasacha deonacha ar fáil do Choimisiún Ullmhúcháin CTBTO chun teacht i bhfeidhm CTBT a chur chun cinn agus chun cumais faireacháin agus fíoraithe CTBTO a choinneáil ar bun agus a neartú a thuilleadh.

## **2. Cuspóir foriomlán**

I gcomhréir le Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta, is é cuspóir foriomlán an tionscadail seo rannchuidiú leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta agus le cothú muiníne trí uiliú agus teacht i bhfeidhm CTBT a chur chun cinn agus trí chóras faireacháin agus fíoraithe idirnáisiúnta CTBTO a neartú.

Trí chumais chóras fíoraithe CTBT a fheabhsú, acmhainneachtaí a fhothú i measc saineolaithe ó Stáit is Sínitheoirí agus feasacht a ardú i measc na hóige, parlaiminteoirí, na meán agus na n-eolaithe, is é is aidhm don tionscadal seo rannchuidiú le ‘an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú’ mar a bheartaítear faoi Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

## **3. Cuspóirí sonracha**

- a) Cumais chóras faireacháin agus fíoraithe CTBT a neartú.
- b) Cumais na Stát is Sínitheoirí le CTBT a neartú chun a bhfreagrachtaí maidir le fíorú faoi CTBT a chomhlíonadh agus chun cur ar a gcumas tairbhe iomlán a bhaint as a rannpháirtíocht i gcóras CTBT.
- c) Feasacht a ardú maidir le CTBT agus a uiliú agus a theacht i bhfeidhm a chur chun cinn.

## **4. Aschur ionchasach**

- a) Ginfear aschuir leis an tionscadal lena rannchuideofar le cumais chóras faireacháin agus fíoraithe CTBT a neartú trí (1) píblínte um shamhaltú radanúicléide agus iompair atmaisféaraigh (ATM) a fheabhsú, (2) feabhas a chur ar an tuiscint eolaíoch ar an gcúlra radaixeanóin agus ar an tionchar atá aige ar bhrath chórais triathgháis CTBTO (3) feabhas a chur ar chothú stáisiúin sheismeacha chúnta IMS, agus (4) méadú cumais chigireachta CTBTO ar an láthair (OSI) a chur chun cinn.

- i) Feabhas a chur ar chur chun feidhme sheirbhís gréasáin Chónaidhm na Líonraí Seismagraif Digiteacha (FDSN) lena gcumhdaítear gach sonra, táirge agus formáid sheismeach, hidreafhuaimiúil agus infreasionach (SHI) agus radanúicléide.
- ii) Bogearraí XeBET II oibríochtúil agus réidh chun meastachán a dhéanamh ar an tiúchan radaixeanóin do gach sampla triathgháis IMS. Cuirfear an fhréamhshamhail i bhfeidhm sa phíblíne ATM agus déanfar an t-aschur a chomhtháthú sa phíblíne radanúicléidí chun an *Automated Radionuclide Report* (ARR) [an Tuarascáil Radanúicléidí Uathoibríthe], an *Reviewed Radionuclide Report* (RRR) [an Tuarascáil Radanúicléidí Athbhreithnithe] agus an *Standard Screened Radionuclide Event Bulletin* (SSREB) [Feasachán Caighdeánach Imeachtaí Radanúicléidí Scagtha] a fheabhsú. Beidh sé ar fáil freisin sa bhosca uirlisí um Anailís Theicniúil Saineolaithe agus in NDC-in-a-Box.
- iii) Bogearraí fréamhshamhlacha lena féidir neamhchinnteachtaí a chur chun feidhme in ionsamhlúcháin samhaltaithe iompair atmaisféaraigh (ATM) chun críche staidéar anailíse cóimheasa iseatópaigh (scagadh agus uainiú) agus meaisínfhoghlama.
- iv) Píblíne uasghrádaithe ATM bunaithe ar an bhfréamhshamhail ATM-EPS seo, lena soláthraítear faisnéis bhreise riachtanach faoi neamhchinnteachtaí ATM, ag cur feabhas ar chreidiúnacht thorthaí ATM.
- v) Soláthar bogearraí (a) a úsáideann IDC, agus (b) a úsáideann NDCanna chun próiseáil infreafhuaimne agus hidreafhuaimiúil a dhéanamh, agus anailís idirghníomhach.
- vi) Tuiscint/tréithriú níos fearr ar an gcúlra domhanda radaixeanóin, lena n-áirítear a éagsúlachtaí réigiúnacha, go háirithe ag córas triathgháis JPX38.
- vii) Mionchoigeartú ar an tuiscint atá ann faoi láthair ar fhoinsí aitheanta san Eoráise, as a dtiocfaidh tuiscint / léiriú feabhsaithe ar eipeasóid leibhéal C.
- viii) ATM a fheabhsú, go háirithe ATM ardaifeach (HR).
- ix) Algartaim suímh ardfhoinsé / modhanna scagtha a fhorbairt, a thástáil agus a optamú (le cur i bhfeidhm maidir le sonraí na gcóras triathgháis IMS eile go léir).
- x) Cumas feabhsaithe chun tástáil núicléach ó scaoileadh radaixeanóin a bhrath, a aimsiú agus a thréithriú.
- xi) Infhaighteacht mhéadaithe sonraí suas le 95 % nó chomh gar agus is féidir do 100 % ar bhealach marthanach ag stáisiúin sheismeacha chúnta a bhfuiltear ag díriú orthu.
- xii) Cothú agus cobhsaíocht fheabhsaithe na stáisiún seismeach cúnata a bhfuiltear ag díriú orthu, lena n-áirítear feidhmíocht níos fearr le himeacht ama, le laghdú ar aga neamhfhónaimh na stáisiún.
- xiii) Forbairt OSI a chur chun cinn tríd an tSamhail-Téacs le haghaidh Dhréacht-Lámhleabhar Oibríochta OSI a aistriú in dhá theanga CTBTO: an Fhraincis, an Spáinnis.

- b) Ginfear aschuir leis an ngníomhaíocht a chuirfidh feabhas ar acmhainneachtaí na Stát is Síntheoirí sna Lárionaid Náisiúnta Sonraí (NDCanna) agus a sholáthróidh eolas bunúsach ar an gConradh chomh maith le forléargas ar ghníomhaíochtaí agus ar threalamh OSI, ag baint úsáid as oiliúint phraiticiúil.
- i) Tabhairt faoi Thúschúrsa Réigiúnach OSI (RIC-26) i réigiún na hAfraice go luath in 2024.
  - ii) Líon na saineolaithe ó réigiún na hAfraice a mhéadú i gClár Oiliúna Lineach OSI atá ar siúl faoi láthair.
  - iii) Soláthar sé threalamh déag an Chórais Fothaithe Acmhainneachta (CBS) lena n-áirítear freastalaithe tromshaothair a bhfuil mórstóráil acu, agus suiteáil bogearraí caighdeánaithe do NDCanna chun tacú le bunú agus forbairt bhreise na hacmhainneachta náisiúnta chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa chóras fíoraithe trí rochtain agus anailís a dhéanamh ar shonraí IMS agus ar tháirgí IDC.
  - iv) Dhá oiliúint réigiúnacha NDC agus dhá cheardlann réigiúnacha chun tacú le saineolaithe ó thíortha i mbéal forbartha.
  - v) Ceithre chúrsa oiliúna SeisComP.
  - vi) Sé chuairt leantach/cothabhála.
  - vii) Cothabháil le haghaidh chórais CBS.

- c) Thairis sin, leis na haschuir a ghintear leis an ngníomhaíocht, neartófar gné uilíoch CTBT, cuirfear borradh faoin gcuimsitheacht agus faoin éagsúlacht sa Choimisiún Ullmhúcháin do CTBTO, agus músclófar feasacht maidir le CTBT i measc gairmithe óga ó thíortha nár shínigh agus nár dhaingnigh, lena n-áirítear Stáit a bhfuil gá lena síniú agus lena ndaingniú chun go dtiocfaidh CTBT i bhfeidhm.
- i) Sraith léachtaí, mar atá, Acadamh Iriseoireachta na Saoránach, ó shaineolaithe cumarsáide mór le rá don chéad ghlúin eile iriseoirí i ndáil leis an dí-armáil núicléach agus an neamhleathadh, lena dtabharfar léargas cuimsitheach dóibh ar CTBT agus ar a ról in ailtireacht na síochána agus na slándála idirnáisiúnta. Déanfaidh céimithe Acadamh Iriseoireachta na Saoránach táirgí meán agus for-rochtana a tháirgeadh freisin ina mbeidh an Chomhdháil Eolaíochta agus Teicneolaíochta agus an Siompóisiam Taidhleoireachta Eolaíochta, rudaí a mhúscloídh feasacht ar an gConradh i measc na n-óg.
- ii) Rannpháirtíocht chomhaltaí Ghrúpa CTBTO na nÓg i Siompóisiam Taidhleoireachta Eolaíochta 2024 agus 2026
- iii) Rannpháirtíocht chomhaltaí Ghrúpa CTBTO na nÓg i gComhdháil Eolaíochta agus Teicneolaíochta 2025
- iv) Rannpháirtíocht dháréag ban luathghairme in ETIM ó réigiúin gheografacha faoi ghannionadaíocht i gClár Meantóireachta CTBTO. Áireofar sa chlár ceardlanna fíorúla a bheidh dírithe ar Fhorbairt Gairme, Cumarsáid, agus gnéithe eolaíocha/teicniúla CTBT, chun cabhrú leis na rannpháirtithe feabhas a chur ar a dtuiscint ar CTBT agus ar a chóras fíorúcháin.
- v) Rannpháirtíocht dháréag Meantaithe Chlár Meantóireachta CTBTO i gClár Foghlama Praiticiúla CTBTO i Vín chun tuiscint níos fearr a fháil ar obair na Rúnaíochta.
- vi) Forbairt spáis ar LinkedIn lena n-éascófar agus lena spreagfar an nasc idir Meantaithe agus Meantóirí agus lena gcuideofar leo a bheith ar an eolas i gcónaí faoi dheiseanna gairme agus gníomhaíochtaí CTBTO.

## 5. Fad ama

Meastar go mairfidh an ghníomhaíocht 36 mhí ar an iomlán.

### **Gníomhaíocht 1: Tacú leis na teicneolaíochtaí fíorúcháin agus leis an gcóras faireacháin**

#### **Comhpháirt 1: Feabhsuithe Uirlisí agus Táirgí IDC, SHI agus RN**

##### **Tionchar**

Trí phíblínte samhaltaithe radanúiclídí agus iompair atmaisféaraigh a fheabhsú agus trí inbhuanaitheacht ghiniúint agus dháileadh táirgí Chónaidhm na Líonraí Seismagraf Digiteach (FDSN) a fheabhsú, tá sé mar aidhm againn feabhas a chur ar chumas na Stát is Páirtithe faireachán agus léirmhíniú a dhéanamh ar shonraí agus ar tháirgí IDC. Neartaíonn sé sin an córas fíorúcháin agus cuireann sé leis na spriocanna maidir le neamhleathadh i gcomhréir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES).

#### **Táirge 1: Feabhsuithe giniúna agus formáide táirgí FDSN do tháirgí SHI agus RN**

##### **Cúlra**

Rinne an Rúnaíocht Theicniúil Shealadach (PTS), le tacaíocht ó Chinneadh VIII ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, giniúint a táirgí agus a sonraí SHI a chur chun feidhme i gcomhréir le caighdeán sheirbhís gréasáin FDSN. Chuir sé sin ar chumas na Lárionad Náisiúnta Sonraí (NDCanna) chomh maith leis an Lárionad Idirnáisiúnta Sonraí (IDC) táirgí agus sonraí IDC Seismeacha Hidreafhuaimiúla agus Infreafhuaimne (SHI) a iarraidh ar an gCóras Faireacháin Idirnáisiúnta (IMS) trí úsáid a bhaint as bogearraí caighdeánacha cliant atá comhlíontach.

Chun cur leis an méid a baineadh amach ar dtús, is é an sprioc atá ann anois raon feidhme chur chun feidhme sheirbhís gréasáin FDSN ag PTS a fheabhsú i bhformáidí breise agus rochtain a chur ar fáil ar tháirgí agus ar shonraí radanúiclídí (RN) IDC. Chiallódh sé seo go mbeadh an ghiniúint táirgí go léir á déanamh trí chur i bhfeidhm sheirbhís gréasáin FDSN. Cruthóidh sé sin deighilt shoiléir freagrachtaí idir giniúint táirgí, a bheidh á ndéanamh ag seirbhísí gréasáin FDSN, agus na modhanna dáilte táirgí agus sonraí (VDMS chomh maith le SWP). Trí na freagrachtaí sin a dheighilt, beidh an córas giniúna agus dáileacháin táirgí níos solúbtha agus beidh sé níos éasca é a choinneáil ar bun dá bharr sin. Cuireann sé ar chumas NDCanna freisin táirgí IDC a fhiosrú go díreach trí sheirbhís gréasáin FDSN, chomh maith le táirgí IDC a fháil trí VDMS agus SWP, a chomhlíonann an gá atá le dáileadh táirgí ar éileamh.

Agus inbhuanaitheacht fheabhsaithe táirgí IDC agus giniúna agus dáilte sonraí IMS i gceist, is féidir le Stáit is Páirtithe athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar shonraí CTBTO ar bhealach níos éasca agus níos éifeachtúla.

### **Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo**

- Feabhas a chur ar an tseirbhís do NDCanna agus do IDC le seirbhís lárnach ambáin chun sonraí agus táirgí SHI agus RN a iarraidh orthu.

### **Aschur ionchasach**

- Feabhas a chur ar chur chun feidhme sheirbhís gréasáin FDSN lena gcumhdaítear sonraí, táirgí agus formáidí uile SHI agus RN.

### **Táirge 2: Uirlis Meastacháin Chúlra Xeanóin Oibríochtúil (XeBET II) a fhorbairt**

#### **Cúlra**

Is minic a bhreathnaíonn líonra triathgháis CTBTO astaíochtaí radanúicléidí ó fhoinsí domhanda de dhéantús an duine a bhaineann le gníomhaíochtaí síochánta. Agus na hastaíochtaí sin atá ann an t-am go léir agus atá iad an-athraitheach i gcónaí, lagaítear an faireachán domhanda ar phléascanna núicléacha. Ós eol dúinn go mbeidh an fhadhb chasta seo ann go deo, tá comhthoil láidir ann go gcaithfear na modheolaíochtaí reatha a chur chun cinn trí nuálaíocht riachtanach, trí na ceachtanna a foghlaimíodh a ghlacadh, agus trí chineálacha cur chuige trasdisciplíneacha a úsáid ó shamhaltú um iompar atmaisféarach (ATM) agus saineolas radanúicléidí. Cuireann iarrachtaí den sórt sin cumas ar fáil chun idirdhealú a dhéanamh i gcás gach sampla IMS cé acu an féidir nó nach féidir an bhreathnóireacht a mhíniú le foinsí aitheanta, nó an bhféadfadh ruainne ó phléascadh núicléach a bheith ann.

Faoi láthair, réitíonn tionscadal forbartha bogearraí *eolaíocha* darb ainm XeBET (conradh uimh. 2022-1179), an bealach do XeBET II trí thimpeallacht fréamhshamhaltaithe bogearraí a sholáthar chun modheolaíochtaí eolaíocha sonraibhunanaithe nua a thástáil agus a léiriú. Is é XeBET II an obair leantach loighciúil thábhachtach ar XeBET chun an toradh fréamhshamhla sin a úsáid chun bogearraí a sholáthar a sholáthraíonn an bhratach meastacháin cúlra is fearr sa phíblíne BAT *go hoibríochtúil*. Dá bhrí sin, feabhsóidh XeBET II cáilíocht an scagtha núicléach dá réir.

## Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

- Bogearraí XeBET II a dhéanamh oibríochtúil agus réidh chun meastachán a dhéanamh ar an tiúchan radaixeanóin do gach sampla triathgháis IMS. Cuirfear an fhréamhshamhail i bhfeidhm sa phíblíne ATM agus déanfar aschur a chomhtháthú leis an bpíblíne radanúiclídí chun an *Automated Radionuclide Report (ARR)* [an Tuarascáil Radanúiclídí Uathoibríthe], an *Reviewed Radionuclide Report (RRR)* [an Tuarascáil Radanúiclídí Athbhreithnithe] agus an *Standard Screened Radionuclide Event Bulletin (SSREB)* [Feasachán Caighdeánach Imeachtaí Radanúiclídí Scagtha] a fheabhsú. Beidh sé ar fáil freisin san uirlis um Anailís Theicniúil Saineolaithe agus in NDC-in-a-Box.

## Aschur ionchasach

Is réiteach bogearraí atá réidh le comhtháthú leis na píblíní ATM agus radanúiclídí é XeBET II. Soláthraítear trí Aschur leis:

- Réiteach a chruthú don bhratach ‘cúlrianú chuig foinsí aitheanta’ atá mar chuid den Scéim Catagóiriúcháin a chomhaontaigh an Coimisiún ach nach bhfuil curtha chun feidhme go fóill i dtuarascálacha radanúiclídí IDC.
- Feabhas a chur ar SSREB chun fíorthorthaí scagtha uathoibríocha a sholáthar seachas faisnéis a bhaint as an RRR agus gan ach sin a dhéanamh.
- Uirlis a sholáthar le haghaidh anailís theicniúil shaineolach.

Cuirfear na feidhmiúlachtaí sin go léir ar fáil do NDCanna mar chuid de bhogearraí ‘NDC-in-a-Box’. Beidh XeBET II ina thúsphointe d’fheabhsuithe breise agus d’fhorbairt bhreiseáin. Agus XeBET II á chur leis an bpíblíne ATM oibríochtúil, is féidir a mheas ar bhealach níos fearr an féidir comhartha aimhrialta a chur i leith pléascadh núicléach nó foinsí aitheanta, rud a fheabhsaíonn go mór cáilíocht an chórais fíorúcháin san fhadtárma.

### **Táirge 3: Samhaltú um Iompar Atmaisféarach Feabhsaithe (ATM) trí Chóras Tuartha Ensemble**

## Cúlra

Táirgtear leis an gcóras oibríochtúil le haghaidh Samhaltú um Iompar Atmaisféarach (ATM) arna imscaradh agus arna úsáid ag CTBTO réimsí íogaireachta gabhdóra foinse (SRS) ina sonraítear suíomh na n-aermhaiseanna sula sroicheann siad aon stáisiún radanúicléidí de chuid líonra an Chórais Faireacháin Idirnáisiúnta (IMS). Dá bhrí sin, tacaíonn ríomhanna ATM leis an teicneolaíocht radanúicléidí trí nasc a sholáthar idir braith radanúicléidí agus na réigiúin ina bhfuil foinsí féideartha suite.

Tá ceist choiteann dhlisteanach ann maidir le táirgí ATM agus baineann sí lena n-éiginnteacht agus lena leibhéal muiníne. Aithnítear gur féidir éiginnteachtaí a mheas trí úsáid a bhaint as sraith ionsamhluithe coibhéseacha, is é sin, *ensemble* seachas ionsamhlú aonair. Bunaithe ar an staidéar a mhaoinigh EUVII (Ceannteideal 1, Comhpháirt 4), fuarthas amach gur leor *ensemble* a bheith ann ina gcuimsítear deichniúr comhaltaí a roghnaítear go treallach chun leas a bhaint as airíonna *ensemble*. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gconclúid sin i gcomhthéacs na hoibre oibríochtúla ag IDC, lena n-éilítear níos mó ná 280 ionsamhlú ATM a bheith déanta gach lá.

Tá an córas oibríocháin ATM atá ann faoi láthair bunaithe ar Shamhail Lagrange d'Easrú Cáithníní ar a dtugtar FLEXPART. Ba le AE VIII a maoiníodh an obair maidir le leagan FLEXPART-CTBTO a thabhairt cothrom le dáta leis na feabhsuithe eolaíocha is nuaí a cuireadh chun feidhme sa leagan pobail FLEXPART v10. Cuirfidh leagan feabhsaithe breise de leagan nuashonraithe FLEXPART-CTBTO gnóthachain feidhmíochta ríomhaireachtúla agus próiseáil níos iontaofa agus níos láidre ar fáil trí úsáid a bhaint as acmhainní ríomhaireachta ardfheidhmíochta le GPUanna (Aonad Próiseála Grafach), arna maoiniú le Cinneadh VIII ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh (tagairt déanta do Cheannteideal 1, Comhpháirt 2, Tionscadal 4). Déanfar imscrúdú freisin ar eisiúint nua don phobal a fógraíodh le haghaidh 2023 mar FLEXPART v11 agus ar na feabhsuithe a d'fhéadfadh a bheith ann, agus má mheastar go bhfuil gá leis, déanfar é a ionchorprú chomh maith.

Beidh feabhsuithe breise mar thoradh ar an tionscadal trí chumais ATM a leathnú chun samhaltú *ensemble* do na 10 gcomhalta den Chóras Tuartha *Ensemble* (EPS) a chur san áireamh. Ach anailís EPS a úsáid, beifear in ann meastachán a dhéanamh ar na leibhéil muiníne sa treoir ATM. Chun an tasc sin a chomhlíonadh, cuirfear tuilleadh feabhais ar na bogearraí fréamhshamhlacha a forbraíodh le linn AE VII, lena n-éascaítear meastachán ar éiginnteachtaí amshraitheanna samhaltaithe le haghaidh inbhéartú téarmaí foinseacha. Thairis sin, déanfar imscrúdú breise ar úsáid neamhchinnteachtaí samhaltaithe ATM chun críche anailíse cóimheasa iseatópaigh agus staidéar meaisínfhoghlama (ML).

Déantar foráil maidir le hanailísí níos cruinne ar scagadh agus uainiú (anailísí ar chóimheasa iseatópacha) agus logánú foinseach nuair a thugtar éiginnteachtaí isteach i dtuartha na samhla ATM. Tá an tuar *ensemble* oiriúnach freisin mar cheann de na modhanna atá le húsáid i meastachán cúlra níos fearr ar radanúiclídí. Ar an iomlán, tugann sé tuiscint níos fearr do na Stáit is Páirtithe ar shuíomh foinse agus uainiú féideartha scaoileadh radanúiclídí agus cuirfidh sé feabhas mór ar chaighdeán an chórais fíorúcháin san fhadtárma. Neartaíonn sé cumais chóras faireacháin agus fíorúcháin CTBT go mór trí fhaisnéis riachtanach a sholáthar maidir le neamhchinnteachtaí ATM a d'iarr na Stáit is Síntitheoirí.

### **Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo**

- Feabhas a chur ar chóras ATM (ATM-EPS) a sholáthraíonn faisnéis riachtanach faoi neamhchinnteachtaí ATM, rud a fheabhsaíonn inchreidteacht na dtorthaí ATM.

### **Aschur ionchasach**

- Bogearraí fréamhshamlacha lenar féidir neamhchinnteachtaí a chur chun feidhme in ionsamhlúcháin ATM chun críche staidéar anailíse cóimheasa iseatópaigh (scagadh agus uainiú) agus meaisínfhoghlama.
- Píblíne ATM uasghrádaithe atá bunaithe ar an bhfréamhshamhail ATM-EPS seo, lena soláthraítear faisnéis bhreise riachtanach faoi neamhchinnteachtaí ATM, agus feabhas á chur ar chreidiúnacht na dtorthaí ATM

### **Táirge 4 – Nuashonrú na próiseála teicneolaíochta il-tonnchrutha agus an chórais idirghníomhaigh il-tonnchrutha**

#### **Cúlra**

Tá na bogearraí próiseála infreafhuaimne agus hidreafhuaimniúla, DTK-(G)PMCC, a fhaigheann tacaíocht ó mhaoiniú AE-VIII, in úsáid go hoibríochtúil ag IDC agus tá sé á roinnt anois leis na Ballstáit trí 'NDC-in-a-Box'. Mar thoradh ar an rath sin anois, tá NDCanna ag iarraidh go leanfaí de nuashonrú a dhéanamh ar na bogearraí agus feabhas a chur ar phróiseáil sonraí hidreafhuaimniúla trí úsáid a bhaint as an uirlis. Thairis sin, is gá an uirlis ghaolmhar DTK-DIVA a thabhairt cothrom le dáta, a thugann an cumas anailís idirghníomhach a dhéanamh ina gcuimsítear faisnéis faoi thorann stáisiúin, torthaí próiseála, agus, i gcás sonraí infreafhuaimne, chun anailís próiseála sonraí a nascadh le heolas ar an atmaisféar.

Trí bhogearraí a sholáthar do IDC agus do NDCanna, cuirtear feabhas ar phróiseáil hidreafhuaimiúil (trí DTK-(G)PMCC), agus trí anailís agus léirshamhlú cuimsitheach (trí DTK-DIVA). Cuireann próiseáil hidreafhuaimiúil fheabhsaithe le cumas an chórais fíorúcháin tástálacha núicléacha a dhéantar faoi uisce a aimsiú. Feabhsaíonn an feabhsú ar DTK-DIVA cumas na saineolaithe réimse ilghnéitheach faisnéise a chur le chéile ó bhrath seismeach, hidreafhuaimiúil, agus infreafhuaimne agus tuiscint níos mionsonraithe a fháil ar imeacht foinse.

### **Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo**

- Bogearraí a sholáthar (a) a úsáideann IDC, agus (b) a úsáideann NDCanna chun próiseáil infreafhuaimne agus hidreafhuaimiúil agus anailís idirghníomhach a dhéanamh.

### **Aschur ionchasach**

- Imeachtaí hidreafhuaimiúil agus infreafhuaimne, agus anailís chuimsitheach ar na himeachtaí seo.

## **Comhpháirt 2: Leanúint d'fheachtais an chúlra radaixeanóin i réigiúin éagsúla ar fud an domhain**

### **Tionchar**

Feabhas breise a chur ar an tuiscint eolaíoch ar an gcúlra radaixeanóin agus ar a thionchar ar chórais triathgháis CTBTO, rud a neartaíonn cumais chóras faireacháin agus fíoraithe CTBT.

### **Cúlra**

Is iad na raidiseatóip xeanóin na comharthaí triathgháis de phléascáin núicléiche faoi thalamh agus faoi uisce is dóichí a thabharfar faoi deara. Tá ról tábhachtach acu nuair a dhearbhaíonn siad an imeacht núicléach atá i gceist.

Is teicníc an-íogair é an faireachán ar xeanón radaighníomhach, ach braitheann léiriú iontaofa na mbrath go láidir ar an eolas agus an tuiscint chúlra áitiúil. Scaoileann níos mó ná 500 saoráid núicléach ar fud an domhain xeanón radaighníomhach go rialta le linn gnáthoibríochtaí. Go deimhin, tá stáisiúin chumhachta núicléiche, imoibreoirí taighde agus saoráidí táirgthe iseatóp leighis ag giniúint radaixeanóin le linn gnáthoibríochtaí gnáthaimh. Cruthaíonn na hastaíochtaí ó na foinsí antrapaigineacha iomadúla sin cúlra suntasach a d'fhéadfadh na comharthaí radaixeanóin de thionscnamh pléascadh núicléach a cheilt.

Dá bhrí sin, is tasc casta dúshlánach é an t-idirdhealú idir cúlra radaixeanóin agus comharthaí de thoradh tástála núicléiche. Chuige sin, ní mór imscrúdú leordhóthanach a dhéanamh ar an gcúlra triathgháis ar féidir a bheith ag súil leis i réigiúin éagsúla ar fud an domhain, mar is é an t-aon bhealach é chun léirmhíniú ceart agus cruinn ar bhraith radaixeanóin ag stáisiúin IMS ag Síntheoirí Stáit a áirithiú.

Cé gur líonra uathúil iad córais triathgháis CTBTO, ní chlúdaítear go hiomlán raon iomlán na ngnéithe cúlra a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá gá le sonraí eimpíreacha níos sonraí chun modheolaíochtaí scagtha a fhorbairt, a fheabhsú agus a bhailíochtú tuilleadh. Is iad tomhais mhachaire dea-dheartha an bealach is fearr chun an t-eolas breise is gá a fháil ar chúlra radaixeanóin, go háirithe i réigiúin ina bhféadfaí cur isteach a thabhairt faoi deara idir bhreathnuithe a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do CTBT agus an gnáthchúlra réigiúnach.

Leis an ranníocaíocht a fuarthas ón Aontas Eorpach faoi chuimsiú Chinneadh III ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, d'fhorbair agus cheannaigh an Coimisiún dhá chóras iniompartha chun na ceithre iseatóp radaixeanóin ar díol spéise iad do CTBTO a thomhas. Faoi chuimsiú Chinneadh V, VI, VII agus VIII ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, rinneadh roinnt feachtas tomhais radaixeanóin in áiteanna éagsúla ar fud an domhain. Leis an ranníocaíocht a fuarthas ó Rialtas na Seapáine in 2017, cheannaigh an Coimisiún tríú córas iniompartha.

Tá dhá chóras ag feidhmiú faoi láthair i Mutsu agus Horonobe na Seapáine. Roghnaíodh na suíomhanna seo agus é mar sprioc mionlíonra ard-dlúis a reáchtáil go sealadach i réigiún chóras triathgháis IMS JPX38, atá lonnaithe i Takasaki na Seapáine. Is é seo an chéad uair a tharlaíonn roinnt córas a bheith gar dá chéile chun staidéir eolaíochá shonracha ar shonraí turgnamhacha a cheadú, agus (1) modhanna a fhorbairt agus a thástáil chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcúlra agus (2) ardmhodheolaíochtaí scagtha a dhearadh, a thástáil agus a fhorbairt tuilleadh.

D'aontaigh Rialtas na Seapáine roimhe seo le rún CTBTO an tríú córas a imscaradh i Fukuoka na Seapáine, ag leathnú na cumraíochta sealadaí ard-dlúis i dtreo an Iardheiscirt. Déanfar an 3ú córas sin a imscaradh a luaithe is féidir.

Tugtar forléargas ar fheachtais tomhais ón am a chuaigh thart sa bhfoilseachán seo a leanas: <https://doi.org/10.1016/j.jenvrad.2022.107053>. Léiríonn an forléargas seo luach na sonraí tomhais cúlra radaixeanóin a bailíodh i gcaitheamh na mblianta, leagann sé amach torthaí eolaíochá agus soláthraíonn sé breithnithe maidir le dearadh feachtais tomhais amach anseo.

Tugann na sonraí eolaíochá a bhailítear leis an iarracht seo an deis don phobal eolaíochta sonraí tomhais a fháil ó mhionlíonra, an méid ceart chun cruinneas a samhlacha iompair atmaisféaraigh ardaifigh a thomhas. Cuidíonn sé seo, ina dhiaidh sin, leis an bpobal eolaíochta tuiscint i bhfad níos soiléire a fháil ar conas a athraíonn leibhéil chúlra radaixeanóin arna dtomhas ag stáisiúin, rud a chabhróidh go mór le cumas an PTS anailís a dhéanamh ar shuntasacht na mbrath radaixeanóin. Nuair a bhíonn muinín ag Páirtithe Stáit as cumas an chórais fíorúcháin idirdhealú a dhéanamh idir xeanón cúlra agus xeanón ó chás ina bhféadfadh leas a bheith ann, neartaítear an córas maidir le neamhleathadh.

Ina leas díreach don PTS, bainfear úsáid as sonraí a bailíodh chun an tuiscint ar fhoinsí aitheanta ar fud Eoráise a bheachtú, agus chun iad a thréithriú tuilleadh, a mbíonn tionchar acu go minic ar chóras triathgháis JPX38. Ós rud é go gcumasaíonn an chumraíocht mion-líonra seo breathnóireacht ar an imeacht scaoilte céanna in áiteanna éagsúla in aice leis an gcóras sin, úsáidfear iad le haghaidh:

ardalgartaim suímh foinse a thástáil agus a bharrfheabhsú, agus

tuiscint níos fearr a fháil ar eachtraí C go minic (i gcás ina léirítear le leibhéal C go bhfuil raidiseatóip xeanóin atá ábhartha do CTBT ag comhchruinniú aimhrialta ard).

Déanfar barrfheabhsú agus dul chun cinn na modhanna scagtha mar thoradh ar an bhfeachtas seo a léiriú san anailís IDC, ní hamháin maidir le sonraí RN38, ach maidir le sonraí ó gach córas triathgháis IMS eile. Cabhróidh sé sin go mór freisin le cumas an PTS anailís a dhéanamh ar shuntasacht na mbrath xeanóin, rud a neartóidh an córas fíoraithe.

### **Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo**

- Tuisicint ar an gcúlra domhanda radaixeanóin a fheabhsú, lena n-áirítear a éagsúlachtaí réigiúnacha, agus léiriú níos fearr ar bhraith atá ábhartha do CTBT. Bainfear an toradh sin amach trí raon mór staidéar eolaíoch a dhéanfaidh PTS agus, ar bhonn níos ginearálta, an pobal eolaíochta, ar na sonraí a bhaileofar. Go himhmeanach, tá tús curtha ag CTBTO cheana féin le roinnt staidéar eolaíoch bunaithe ar shonraí arna mbailiú ag na córais iniompartha. Áirítear leis sin, mar shampla, staidéir:
  - Tuisicint níos fearr a fháil ar phatrún rannchuidithe na bhfoinsí aitheanta ar stáisiúin na hÁise-Thoir de IMS thar thimthriall iomlán na n-athruithe séasúracha agus é a thréithriú,
  - Chun an t-eolas ar na hastaíochtaí/na patrúin astaíochta ó na saoráidí táirgeachta iseatóp leighis is mó san Eoraip a bheachtú, agus measúnú a dhéanamh ar a dtionchar ar an gcúlra radaixeanóin,
  - Imscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir tomhais bhreise a úsáid chun uirlisí a fhorbairt chun meastachán cruinn a dhéanamh ar an gcúlra radaixeanóin a bhfuiltear ag súil leis ó fhoinsí aitheanta,
  - Teicnící comhlachais samplacha a fhorbairt ag baint úsáide as anailís comhsheasmhachta lobhaidh chun staidéar a dhéanamh ar an imeacht braite céanna in áiteanna éagsúla.

Beidh sé fós an-fhiúntach, i dtéarmaí eolais agus forbartha eolaíochta, leanúint den fheachtas tomhais chúlra radaixeanóin sa tSeapáin. Níl aon áit eile ar fud an domhain ina bhfeidhmíonn cumraíocht ard-dlúis, agus is deis uathúil é seo. Tá sé ríthábhachtach tuilleadh sonraí a bhailiú leis an líonra ard-dlúis trí leanúint le cur chun feidhme an fheachtais leanúnaigh sa tSeapáin chun na conclúidí ó na chéad staidéir a neartú.

Tar éis an fheachtais tomhais sa tSeapáin, beidh na córais ar fáil lena n-úsáid ag an PTS chun staidéir leantacha a dhéanamh. Tabharfar aird chuí ar threoirlínte féideartha maidir le húsáid na gcóras iniompartha arna soláthar ag PrepCom agus déanfar raon feidhme an tionscadail a choigeartú dá réir. Mar mhalairt air sin, féadfar na córais a úsáid freisin mar chórais shealadacha chúltaca nó oiliúna.

### **Aschur ionchasach**

Is iad seo a leanas na príomh-aschuir a bhfuiltear ag dréim leo:

- Tuiscint níos fearr/tréithriú níos fearr ar an gcúlra domhanda radaixeanóin, lena n-áirítear a éagsúlachtaí réigiúnacha, go háirithe ag córas triathgháis JPX38,
- Mionchoigeartú ar an tuiscint atá ann faoi láthair ar fhoinsí aitheanta san Eoráise, as a dtiocfaidh tuiscint níos fearr/léiriú níos fearr ar eachtraí leibhéal C,
- Samhaltú iompair atmaisféaraigh (ATM) a fheabhsú, go háirithe an ATM ardaifigh (HR),
- Ardalgartaim suímh foinse/modhanna scagtha a fhorbairt, a thástáil agus a bharrfheabhsú (le cur i bhfeidhm maidir le sonraí na gcóras triathgháis IMS eile go léir),
- Cumas feabhsaithe chun tástáil núicléach ó scaoileadh radaixeanóin a bhrath, a aimsiú agus a thréithriú.

### **Comhpháirt 3: Stáisiúin Sheismeacha Chúnta Dheimhnithe IMS a Chothabháil**

#### **Tionchar**

Le cothabháil feabhsaithe stáisiúin sheismeacha chúnta IMS neartaítear cumais chóras faireacháin agus fíoraithe CTBT agus cuireann sé leis an tslándáil dhomhanda agus le neamhleathadh núicléach.

## Cúlra

Leanfaidh an chomhpháirt tionscadail seo d'aghaidh a thabhairt ar stáisiúin sheismeacha chúnta (AS) atá ag teip agus ar stáisiúin a bhfuil drochfheidhmíocht ag baint leo le fada agus a dteastaíonn gníomhaíocht chothabhála phráinneach uathu, ag díriú, más féidir, ar stáisiúin atá lonnaithe i dtíortha a bhfuil cruatan airgeadais ag bagairt orthu. Ina theannta sin, cuirfear gníomhaíochtaí cothabhála coisctheacha chun feidhme i gcás inar gá agus ina mbeidh údar leo. Déanfar an méid deiridh sin trí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le trealamh atá imithe i léig agus an t-uasghrádú dá bharr sin, agus trí fheabhas a chur ar an bhfáil ar pháirteanna spártha.

Áirítear leis an tacaíocht do AS IMS agus feabhas a chur ar eolas teicniúil agus ar scileanna a n-oibreoirí cuairteanna stáisiúin atá riachtanach agus a bhfuil údar cuí leo agus fabhtcheartú ar an láthair ar lena linn atá sé beartaithe taispeántais phraiticiúla agus oiliúint phraiticiúil a dhéanamh freisin. Tugtar ar aird go mbainfear é sin amach i gcomhar le bearta eile amhail oiliúint theicniúil a chur ar oibreoirí stáisiúin, a tharlóidh go tréimhsiúil, i Lárionad Idirnáisiúnta Vín.

Mar a tharla i gclár roimhe seo, beidh ar bhaill foirne lánaimseartha laistigh den Aonad Cothabhála den Rannóg Tacaíochta Áiseanna Faireacháin (IMS/MFS/M) tionscadail fabhtcheartaithe agus chothabhála a phleanáil agus a chur i gcrích ag na stáisiúin AS ábhartha.

### Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

- Chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna stáisiúin de bharr mífheidhmiú uirlisí, cliseadh trealaimh, deireadh saoil, dífheidhmeacht nó easpa spártha a chuireann le drochfheidhmíocht agus le caillteanas rialta an chumais misin.
- Rannhuidiú leis an tslándáil dhomhanda maidir le neamhleathadh núicléach trí fhíorthionchar intomhaiste a imirt ar Chumas Braite Líonra IMS agus ar iontaofacht dheighleog Líonra AS. Léireofar tionchar an tionscadail seo i ngach spriocstáisiún a thugtar go dtí leibhéal teicniúil atá comhoiriúnach le ceanglais theicniúla IMS ar bhealach marthanach trí IMS AS a chothú ar bhealach níos fearr. Meastar go gcuirfidh sé feabhas suntasach ar infhaighteacht sonraí agus ar cháilíocht sonraí ag na stáisiúin atá mar fhócas ag an gclár mar gheall ar dheisiú trealaimh, athsholáthar trealaimh, nó feabhas a chur ar an gcóras.

- Feidhmíocht mharthanach a fheabhsú trí chórais agus trealamh na stáisiún a neartú agus trí fheabhas a chur ar eolas teicniúil na n-oibreoirí stáisiúin lena mbaineann.

### **Aschur ionchasach**

- **Méadú ar infhaighteacht sonraí agus ar cháilíocht sonraí na stáisiún AS a ndírítear orthu mar chuid den chlár seo:** Níos mó ná 95 % d'infhaighteacht sonraí a bhaint amach nó chomh gar agus is féidir do 100 % bainte amach ar bhealach mharthanach ag na spriocstáisiúin. Is é an chainníocht tomhaiste don toradh ionchais seo infhaighteacht sonraí fíordheimhnithe, agus meastar go dtiocfaidh feabhas air sin tar éis don ghníomhaíocht ag an stáisiún a bheith tugtha i gcrích.
- **Cothú agus cobhsaíocht fheabhsaithe na stáisiún AS a ndírítear orthu:** Áirítear leis seo feidhmíocht níos fearr a bhaint amach le himeacht ama, agus aga neamhfhónaimh na stáisiún a bheith laghdaithe. Is í an chainníocht thomhaiste don toradh ionchasach seo, go gcuirfead feabhas ar infhaighteacht sonraí fíordheimhnithe thar thréimhse trí mhí (íosmhéid) tar éis an ghníomhaíocht ag an stáisiún a thabhairt i gcrích.

### **Gníomhaíochtaí**

- **Gníomhaíochtaí teicniúla:**
  - Fadhbanna sa stáisiún a fhabhtcheartú agus a dhiagnóisiú i gcomhar le hoibreoirí an stáisiúin.
  - Sainaitheint an réitigh bunaithe ar dheisiú trealaimh; athsholáthar nó feabhsú (nó meascán díobh sin).
  - Cur chun feidhme, tástáil agus oiliúint: feachtas allamuigh lena mbaineann suiteáil trealaimh, tástáil trealaimh agus oiliúint a chuir ar oibreoirí stáisiúin. Cuirteanna ar na stáisiúin de réir mar is gá ó fhoireann an PTS.

- **Gníomhaíochtaí tráchtála/teicniúla:**

- Trealamh agus/nó seirbhísí a cheannach. Idirchaidreamh le conraitheoirí agus soláthraithe.
- Loingseoireacht agus allmhairiú ( i gcás inarb infheidhme).
- Coimisiúnú agus faireachán.

#### **Comhpháirt 4: Aistriúchán ar an tSamhail-Téacs le haghaidh Dréacht-Lámhleabhar Oibríochta OSI**

##### **Tionchar**

Tríd an leagan is déanaí de dhréacht-Lámhleabhar Oibríochta OSI a bheith ar fáil in dhá theanga oifigiúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe le haghaidh IFE 25, ní hamháin go bhfeabhsaítear ilteangachas CTBTO agus go rannchuidítear le cumas OSI a fhorbairt, ach neartaítear freisin cumas córas faireacháin agus fíoraithe CTBT.

##### **Cúlra**

Tá an Lámhleabhar Oibríochta maidir le Cigireacht ar an Láthair (OSI) ar cheann de na doiciméid is gá a fhorghnó i ndiaidh Theacht I bhFeidhm CTBT. Treoraítear leis cur chun feidhme fhorálacha an Chonartha agus an Phrótacail a ghabhann leis maidir le stiúradh OSI, agus áirítear ann prionsabail ghinearálta agus treoirínte ginearálta, chomh maith le nósanna imeachta teicniúla, oibríochtúla agus riaracháin.

Tá Meitheal B ag stiúradh an tríú babhta de mhionsaothrú an dréachtLeabhair Oibríochta trí dhírú ar na saincheistanna atá fós gan réiteach agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón bhFreachnamh Allamuigh Comhtháite in 2014 (IFE14).

Tá sé beartaithe Freachnamh Allamuigh Comhtháite (IFE) a dhéanamh ar mhórscaála in 2025 mar chuid den Chlár Freachnamh maidir le cigireacht ar an Láthair (OSI) le haghaidh 2022-2025 (CTBT/PTS/INF.1613), a glacadh ag an 58ú seisiún den Choimisiún Ullmhúcháin (CTBT/PC-58/2). Is é an dréacht-Lámhleabhar Oibríochta an doiciméad tábhachtach atá le tástáil sa fhreachnamh. Mar fhreagra ar an nglao ar ilteangachas ó na Stáit is Sínitheoirí, is gá an doiciméad a aistriú go teangacha uile na Náisiún Aontaithe. Cuirfidh sé sin ar chumas saineolaithe teicniúla ó gach réigiún ar domhan tuiscint bheacht a bheith acu ar an doiciméad agus, go bunúsach, rannchuideoidh sé le cumais OSI a fhorbairt.

## **Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo**

- Ilteangachas CTBTO a fheabhsú agus rannchuidiú le forbairt chumais OSI.

## **Aschur ionchasach**

- Aistriúchán ar an tSamhail-Téacs le haghaidh Dhréacht-Lámhleabhar Oibríochta OSI a aistriú in dhá theanga CTBTO: Fraincis, Spáinnis.

## **Gníomhaíochtaí**

An obair chun an leagan is déanaí den tSamhail-Téacs le haghaidh Dréachtlámhleabhar Oibríochta an OSI a aistriú ó Bhéarla go dhá theanga oifigiúla CTBTO: Déanfar an Fhraincis agus an Spáinnis a sheachfhoinsiú trí shocrú seasta de chuid PTS le hOifig na Náisiún Aontaithe i Vín.

Ba cheart an tSamhail-Téacs aistrithe le haghaidh Dréacht-Lámhleabhar Oibríochta OSI a bheith ar fáil faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2024 ar a dhéanaí.

## **Gníomhaíocht 2: Fothú acmhainneachta comhtháite**

### **Comhpháirt 1: Réamhchúrsa Réigiúnach OSI (RIC) le haghaidh Réigiún Geografach na hAfraice**

#### **Tionchar**

Eolas bunúsach faoin gConradh agus a fhorálacha a bhaineann le OSI a sholáthar mar aon le forléiriú ar ghníomhaíochtaí agus trealamh OSI, lena n-úsáidtear oiliúint phraiticiúil do shaineolaithe ó Stát is Síntheoirí, i dtíortha i mbéal forbartha, a mbeidh méadú ar ainmniúcháin agus rannpháirtíocht i gclár leanúnach oiliúna líneach OIS mar thoradh orthu.

#### **Cúlra**

Mar ghníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta, léiríodh go bhfuil Réamhchúrsaí Réigiúnacha (RIC) OSI tábhachtach ó thaobh córas fíorúcháin CTBT a neartú, go háirithe ó thaobh Clár Oiliúna Cigirí OSI a fhorbairt agus ó thaobh iarrthóirí do chigirí ionadacha faoi oiliúint a ainmniú don chlár sin ó Stáit is Síntheoir.

Taispeánann na taifid go bhfuil comhchoibhneas idir uimhreacha méadaithe na n-ainmniúchán ó réigiún geografach tar éis sheoladh RIC. Tá tús curtha ag an gCoimisiún le Clár Líneach Oiliúna OSI (2022-2025) a bhfuil sé mar aidhm leis an oiliúint do gach timthriall oiliúna a chomhtháthú agus oiliúint níos éifeachtaí maidir le cothabháil scileanna a chur ar fáil.

Tá an tionscadal chun 1 RIC a dhéanamh i réigiún geografach CTBT na hAfraice ionas go mbeidh an bhuíon geografach agus inscne is leithne d'oiliúnaithe faoi Chlár Líneach Oiliúna OSI.

Reachtálfar an Réamhchúrsa Réigiúnach i mí an Mhárta 2024.

Cuirtear an RIC ar fáil mar chúrsa foghlama cumaisc ar an láthair ar feadh 8 lá a chuimsíonn réamhoiliúint atá teoiriciúil agus, den chuid is mó, praiticiúil, ar phrótacail an chonartha, ar threalamh, ar theicnící agus ar nósanna imeachta, maidir le OSI. Críochnaíonn na RICanna le freachnamh allamuigh capstone a bhailíochtaíonn éifeachtacht an chláir oiliúna.

### **Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo**

- Córas OSI a chur in aithne do shaineolaithe teicniúla náisiúnta agus foireann ó Stáit is Sínitheoirí an réigiúin.
- Líon na saineolaithe ó Stáit is Sínitheoirí an réigiúin atá ar fáil chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a bhaineann le OSI a leathnú agus iarrthóirí a d'fhéadfadh a bheith ann d'uainchlár Rúnaíocht Theicniúil Shealadach (PTS) de chigirí ionadacha a shainaithint.

### **Aschur ionchasach**

- Méadú cainníochtúil ar rannpháirtíocht saineolaithe ón réigiún sin i gClár Oiliúna Líneach OSI atá ar siúl faoi láthair
- Is éard a bheidh sna modhanna fíoraithe anailís chomparáideach ar uainchlár na gCigirí Ionadacha i mBunachar Sonraí an OSI ón gcéad go dtí an tríú timthriall oiliúna i gcoinne an uainchláir ag lárphointe Chlár Oiliúna Líneach OSI.

## Gníomhaíochtaí

- Tá RIC-26 le déanamh i réigiún na hAfraice go luath in 2024.

## Comhpháirt 2: Acmhainneacht na Lárionad Náisiúnta Sonraí a Fhorbairt

### Tionchar

Tacaíocht do chóras fíorúcháin an Chonartha a neartú agus a choimeád trí acmhainneachtaí Lárionad Náisiúnta Sonraí (NDCanna) na Stát is Sínitheoirí a bhunú agus a fheabhsú, go háirithe i dtíortha atá i mbéal forbartha, chun a chur ar a gcumas lántairbhe a bhaint as na sonraí agus na táirgí a ghintear leis an gcóras fíorúcháin.

### Cúlra

Tá sé léirithe go bhfuil an fothú acmhainneachta bunriachtanach mar bhonn le córas fíorúcháin CTBT. Tá an Coimisiún ag leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Stáit is Sínitheoirí maidir le modhanna a chur ar fáil chun cumais a fhorbairt chun páirt ghníomhach a ghlacadh i gcóras fíorúcháin CTBT. Tá tíortha i mbéal forbartha as ilchríocha éagsúla tosaithe ar bhuntáiste a bhaint as soláthar sonraí IMS agus táirgí IDC toisc go bhfuil siad sin úsáideach ní hamháin chun fíorú a dhéanamh ach le haghaidh feidhmeanna sibhialta, eolaíoch agus tionsclaíoch freisin. Tá straitéis an Choimisiúin maidir le fothú acmhainneachta aitheanta ag Meitheal B (WGB). I gcaitheamh thréimhse an chistithe ón Aontas Eorpach ghlac an fhoireann eolaíoch agus theicniúil de na Stáit is Sínitheoirí páirt in oiliúint speisialaithe maidir le pacáiste bogearraí NDC-in-a-Box, chomh maith le heolas a bhaineann le CTBT a théann go díreach chun tairbhe do na húdaráis náisiúnta. Tá tairbhe á baint freisin ag institiúidí i dtíortha atá i mbéal forbartha, a bhfuil NDCanna á n-óstáil acu, as an soláthar trealaimh bhunúsaigh chun a n-acmhainneacht próiseála sonraí a bhunú nó a fhorbairt a thuilleadh.

### Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

- Córas fíoraithe CTBT a neartú agus an úsáid a bhaineann NDCanna ó thíortha i mbéal forbartha as sonraí IMS agus as táirgí IDC a mhéadú.

## Aschur ionchasach

- Soláthar threalamh an Chórais Fothaithe Acmhainneachta (CBS) chuig NDCanna chun tacú le bunú agus forbairt bhreise na hacmhainneachta náisiúnta chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa chóras fíoraithe trí rochtain agus anailís a dhéanamh ar shonraí IMS agus ar tháirgí IDC.
- Cuairteanna teicniúla ar láthair na NDCanna chun cúnaimh teicniúil a sholáthar chun Córas Fothaithe Acmhainneachta a shuiteáil agus/nó a chothabháil.
- Tacaíocht do shaineolaithe ó thíortha i mbéal forbartha ó thaobh an chúlra agus na hoiliúna is gá chun a rannpháirtíocht i gCeardlanna agus Cúrsaí Oiliúna arna n-eagrú ag CTBTO a éascú.
- Ceardlanna agus oiliúint réigiúnach a eagrú.

## Gníomhaíochtaí

- Dhá oiliúint den NDC agus dhá cheardlann réigiúnacha
- Ceithre chúrsa oiliúna SeisComP
- Sé chuairt leantacha/chothabhála
- 16 chóras CBS a cheannach lena n-áirítear freastalaithe tromshaothair a bhfuil stóráil mhór acu, agus bogearraí caighdeánaithe a shuiteáil
- Cothabháil le haghaidh chórais CBS.

### **Comhpháirt 3: Rannpháirtíocht saineolaithe teicniúla ó thíortha i mbéal forbartha i gcruinnithe teicniúla oifigiúla Choimisiún Ullmhúcháin CTBTO (Tionscadal Tacaíochta Saineolaithe Teicniúla, TESP an giorrúchán)<sup>1</sup>**

---

<sup>1</sup> Moltar go léitear an giorrúchán 'TESP' as seo amach mar 'Tionscadal Tacaíochta Saineolaithe Teicniúla' [TESP] ó tharla nach 'treoirhionscadal' atá ann a thuilleadh tar éis 16 bliana dó a bheith ann

## Tionchar

Chun carachtar uilíoch Choimisiún Ullmhúcháin CTBTO a neartú agus borradh a chur faoin gcuimsitheacht agus faoin éagsúlacht trí acmhainneacht theicniúil mhéadaithe saineolaithe i dtíortha i mbéal forbartha chun cur go fóinteach le próisis ceaptha beartais CTBTO.

## Cúlra

I mí na Samhna 2006, le linn a 27ú seisiún (an 13-17 Samhain 2006), chomhaontaigh an Coimisiún treoirthionscadal a bhunú a bheadh dírithe ar thacú le rannpháirtíocht saineolaithe teicniúla ó thíortha i mbéal forbartha agus in obair Mheitheal B (TESP). Tá síneadh curtha arís agus arís eile le TESP ó shin i leith.

Tá easpa acmhainní airgeadais in an-chuid tíortha i mbéal forbartha agus mar sin níl a saineolaithe in ann páirt a ghlacadh san obair eolaíoch agus teicniúil atá ar siúl i gcruinnithe teicniúla oifigiúla an Choimisiúin Ullmhúcháin CTBTO. Ciallaíonn sé sin go bhfuil easnamh soiléir agus sistéamach ann i dtaobh rannpháirtíocht ionadaithe ó thíortha i mbéal forbartha sna moltaí agus sna cinntí a dhéantar maidir leis na saincheisteanna teicniúla atá ábhartha ó thaobh córas fíorúcháin an Chonartha de. Is fadhb ar leith é an t-easnamh sin ó tharla go bhfuil, nó go mbeidh, go leor stáisiún de chuid Chóras Faireacháin Idirnáisiúnta an Chonartha lonnaithe ar chríoch tíortha i mbéal forbartha agus go ndéantar nó go ndéanfaidh institiúidí a dtíre iad a bhainistiú. Thairis sin, tá a lán tíortha i mbéal forbartha i mbun a NDCanna a bhunú agus a fheabhsú chun a chur ar a gcumas leas a bhaint as na táirgí sonraí arna nginiúint ag an gcóras fíorúcháin, ar táirgí iad a úsáidfeair ní hamháin chun fíorú a dhéanamh ach chun críoch sibhialta agus eolaíoch freisin.

Leis an gcistiú, beidh sé ar chumas CTBTO 12 príomhshaineolaí teicniúla ar a laghad ó thíortha i mbéal forbartha atá ag obair ar shaincheisteanna a bhaineann le CTBT a roghnú agus a rannpháirtíocht faoi dhó sa bhliain i Meitheal B maidir le cruinnithe saincheisteanna fíorúcháin a chistiú ag Ceanncheathrú CTBTO i Vín na hOstaire. Is príomhchritéir roghnúcháin é an chothromaíocht inscne agus an raon geografach a bhaint amach.

## **Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo**

- Feabhas a chur ar eolas agus scileanna saineolaithe teicniúla ó thíortha i mbéal forbartha maidir le teicneolaíochtaí fíoraithe CTBTO agus na feidhmchláir shibhialta agus eolaíoch níos leithne, rud a rannchuideoidh ar deireadh le torthaí fadtéarmacha forbartha náisiúnta i réimsí ábhartha.
- Cothromaíocht inscne agus éagsúlacht gheografach a fheabhsú i measc saineolaithe ó thíortha i mbéal forbartha atá i mbun plé beartais maidir le córas fíoraithe CTBT.

## **Aschur ionchasach**

- Cistítear freastal 12 shaineolaí teicniúla ar a laghad ó thíortha i mbéal forbartha ar dhá chruinniú de Mheitheal B sa bhliain ar an láthair i Vín (le cóimheas comhionann idir fir agus mná).
- Oiliúint a chur ar shaineolaithe maidir le gnéithe eolaíoch agus teicniúla i ndáil le teicneolaíochtaí fíoraithe CTBT agus feidhmchláir shibhialta agus eolaíoch.

## **Gníomhaíocht 3: For-rochtain**

### **Comhpháirt 1: For-rochtain na Chéad Ghlúine Eile do CTBT**

#### **Tionchar**

Forbairt ar líon na gceannairí a bheidh ann amach anseo i réimsí na dí-armála agus an neamhleata, trí idirphlé idirghlúine, sineirgí trasréigiúnacha agus staidéar trastoiseach a spreagadh, chun rannchuidiú ar deireadh le cumais na Stát is Sínitheoirí le CTBT a neartú.

#### **Cúlra**

Gealltanais trasearnála de chuid CTBTO é cumhachtú na chéad ghlúine eile de shaineolaithe a bheidh in ann tacú le misean CTBT, go polaitiúil agus go teicniúil, agus uiliú agus teacht i bhfeidhm an Chonartha a chur chun cinn.

Ó 2016 i leith, tá CTBTO ar thús cadhnaíochta i gcóras na Náisiún Aontaithe chun a fhóraithe a oscailt don tsochaí shibhialta agus chun an chéad ghlúin eile a rannpháirtíú go gníomhach, go háirithe trí chlár for-rochtana suaitheanta Ghrúpa CTBTO na nÓg. Is éard a chuir an clár ar fáil don chéad ghlúin eile saineolaithe (arb as breis agus 125 thír díobh) deiseanna uathúla fothaithe acmhainneachta, taighde agus oideachais i dtimpeallacht an neamhleata agus na dí-armála núicléiche a bhíonn dúnta de ghnáth.

Tacóidh an chomhpháirt le héiceachóras inbhuanaithe, inscálaithe agus dea-rialaithe de thionscnaimh don óige, darb aidhm acmhainneachtaí óige a fhorbairt ar fud an domhain trí bhíthin léargas agus tionchar is mó ná riamh. Is é an aidhm atá ann gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a eagrú atá saincheaptha do spriocghrúpaí sonracha — iriseoirí, scoláirí agus cinnteoirí ionchasacha óga ó na Stáit nár dhaingnigh ná nár shínigh CTBT go fóill, mar shampla. Cuirfidh an cur chuige sin leis an bhfeasacht agus cothóidh sé tacaíocht eolasach do CTBT i measc na chéad ghlúine eile de shaineolaithe ó chúlraí éagsúla, agus ar deireadh, tacóidh sé le huiliú agus le teacht i bhfeidhm an Chonartha.

### **Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo**

- Cohórt nua de ghairmithe óga cumhachtaithe agus rannpháirtithe a bhunú, a mbeidh eolas grinn acu ar an dí-armáil núicléach agus ar CTBT, a uiliú agus a theacht i bhfeidhm.
- Líonra na ngairmithe óga a thacaíonn le huiliú agus le teacht i bhfeidhm an Chonartha a mhéadú agus a éagsúlú (ar bhonn réigiúnach agus próifíle araon), agus cuidiú ag an am céanna le hinfheictheacht idirnáisiúnta CTBT a fheabhsú.
- Láithreach na n-ábhar a bhaineann le CTBT ar na meáin shóisialta a fheabhsú.

## Aschur ionchasach

- Sraith léachtaí le príomhshaineolaithe cumarsáide.
- Fothú acmhainneachta na chéad ghlúine eile iriseoirí i ndáil leis an dí-armáil núicléach agus an neamhleathadh, lena dtabharfar léargas cuimsitheach dóibh ar CTBT agus a ról i réimse na síochána agus na slándála idirnáisiúnta.
- Comhdháil Eolaíochta agus Teicneolaíochta agus Siompóisiam Taidhleoireachta Eolaíochta a bheith á gcumhdach ag céimithe Acadamh na hIriseoireachta Saoránach, rud a chuirfidh le próifil an Chonartha i measc na n-óg.
- Táirgí meán sóisialta agus for-rochtana a bhaineann le CTBT arna bhforbairt agus arna bhfoilsíú ar líne ag comhaltaí Ghrúpa CTBTO na nÓg.

## Gníomhaíochtaí

- Rannpháirtíocht chomhaltaí Ghrúpa CTBTO na nÓg i Siompóisiam Taidhleoireachta Eolaíochta 2024 agus 2026
- Rannpháirtíocht chomhaltaí Ghrúpa CTBTO na nÓg i gComhdháil Eolaíochta agus Teicneolaíochta 2025
- Acadamh na hIriseoireachta Saoránach
- Neartóidh Acadamh na hIriseoireachta Saoránach scileanna cumarsáide agus meán sóisialta chomhaltaí Ghrúpa na nÓg. Cuirfidh oiliúnóirí gairmiúla meán sóisialta ceardlanna agus meantóireacht phraiticiúil ar fáil do chomhaltaí Ghrúpa CTBTO na nÓg, agus múinfidh siad dóibh conas an méid a leanas a dhéanamh:
- agallaimh éifeachtacha a dhéanamh le geallsealbhóirí éagsúla — taidhleoirí, saineolaithe teicniúla, daoine óga eile — maidir le conas ullmhú, taighde a dhéanamh agus ceisteanna iomchuí a chur.
- táirgí proifisiúnta a fhorbairt lena bhfoilsíú ar Facebook, Twitter, YouTube agus ardáin eile, agus úsáid á baint as Canva agus teicnící iriseoireachta soghluaiste eile chun míreanna fuaimne a thairfeadh agus íomhánna cumhachtacha a chruthú.
- imeachtaí rathúla for-rochtana a chur i gcrích.
- an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na meáin shóisialta chun teachtaireachtaí a sheachadadh go láidir.

## Comhpháirt 2: Clár Meantóireachta CTBTO

### Tionchar

Píblíne thallainne a chruthú ina mbeidh 12 bhean luathghairme ar iarrthóirí iad maidir le poist i réimse an neamhleata agus na dí-armála núicléiche chun cumais na Stát is Sínitheoirí le CTBT a neartú chun a bhfreagrachtaí maidir le fíorú faoi CTBT a chomhlíonadh agus chun cur ar a gcumas tairbhe iomlán a bhaint as a rannpháirtíocht i gcóras CTBT.

### Cúlra

In 2022, sheol CTBTO clár meantóireachta saincheaptha do 12 bhean luathghairme in ETIM ar imeall Chomóradh CTBT agus an Siompóisiam Eolaíochta agus Taidhleoireachta atá beartaithe. Tá CTBTO tiomanta mná luathghairme in ETIM a nascadh le saineolaithe teicniúla PTS. Tugann an mheantóireacht deis do mhná líonraí a thógáil, tacair scileanna inmhianaithe a neartú agus soiléireacht a fháil maidir lena spriocanna pearsanta agus gairmiúla. Is deis í an mheantóireacht do gach duine atá páirteach — idir mheantóirí agus mheantaithe — chun foghlaim agus a gcuid scileanna a fheabhsú. Aithníonn Coimisiún Ullmhúcháin CTBTO, áfach, go bhfuil ról tábhachtach ag fir chun páireacht inscne a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais atá ann cheana. Mar sin, áirítear idir fhir agus mhná ar mheantóirí PTS.

An Clár Meantóireachta fíorúil seo do gach bean luathghairme in ETIM (tugtar tosaíocht d'iarrthóirí ón Afraic, ó Mheiriceá Laidineach agus Muir Chairib, ón Meánoirthear, ón Áise Theas, ón Áise Thoir Theas, ón Aigéan Ciúin agus ón gCianoirthear), is sampla amháin é de thionscnaimh CTBTO atá dírithe ar pháblíne thallainne a chruthú lena dtacaítear leis an gcomhionannas inscne, leis an éagsúlacht agus le cumhachtú na chéad ghlúine eile.

Mar thoradh ar leagan píolótach 2022 den Chlár Meantóireachta, ghlac meantaithe páirt, i measc imeachtaí eile, i seisiúin mheantóireachta duine le duine agus i seimineáir théamacha mhíosúla mar aon le seisiúin feabhsaithe scileanna agus seisiúin maidir le feasacht a mhúscailt i ndáil le misean agus gníomhaíochtaí CTBTO. Ceann de na spriocanna a bhí acu páipéir thaighde a chur i dtoll a chéile lena gcur i láthair ag Comhdháil Eolaíochta agus Teicneolaíochta 2023 an 19-23 Meitheamh. Bhí na meantaithe in ann páirt a ghlacadh i Siompóisiam Eolaíochta agus Taidhleoireachta 2022 freisin.

Tionscnamh eile a forbraíodh mar chuid den chlár sin is ea ard-deis a chur ar fáil do na daoine sin ar a ndearnadh meantóireacht ó thaobh a gconairí gairme de. D'ainmnigh a Buanmhisean ceann amháin de na meantaithe chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta CTBTO chun oiliúint a chur ar chigirí ionadacha faoi chomhair thimthriallta comhleanúnacha an Chláir Meantóireachta, agus tá sé mar aidhm ag CTBTO an stádas Breathnóra a leathnú do na meantaithe i ngníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta eile CTBTO.

Anuas ar an gclár ionduchtúcháin foirmiúil, measann CTBTO go mbeidh na mná sin mar chuid den phíblíne thallainne d'iarrthóirí iomaíocha agus ardcháilíochta le haghaidh poist theicniúla sa Rúnaíocht amach anseo.

Na tairbhí do na meantóirí:

- taithí agus eolas a chomhroinnt.
- a gcuid scileanna a chleachtadh agus a threisiú.
- foghlaim agus forbairt ar bhonn gairmiúil agus pearsanta.
- léargas a fháil ar dhearcthaí éagsúla agus foghlaim ó thaithí daoine eile.
- ceangail nua a dhéanamh ar fud líonra leathan gairmithe.
- rannchuidiú le timpeallacht oibre ina ndéantar daoine a chumasú laistigh agus lasmuigh de CTBTO.
- sásamh a bhaint as bheith ag cur le forbairt agus rath daoine eile, agus difríocht mhór a dhéanamh, seans, i saol an mheantaí.

Na tairbhí do na meantaithe:

- taithí a chomhroinnt, foghlaim, agus treoir ghairmiúil shaincheaptha a fháil.
- muinín a chothú, scileanna a fhorbairt, agus inniúlachtaí a neartú.
- inspreagadh a mhéadú.
- straitéisí a fhorbairt chun déileáil le riachtanais ghairmiúla i spás sábháilte tacúil.
- foghlaim agus forbairt ar bhonn gairmiúil agus pearsanta.
- léargas a fháil ar dhearcthaí éagsúla agus foghlaim ó thaithí daoine eile.
- éifeachtúlacht fheabhsaithe an duine féin a spreagadh.
- ceangail nua a dhéanamh ar fud líonra leathan gairmithe.

Na tairbhí don Choimisiún agus do na tíortha:

- malartú faisnéise maidir le deiseanna gairme agus imeachtaí ábhartha a éascú agus iarratais ón spriocphobal le haghaidh poist fholmha a chur chun cinn trí thacaíocht thiomnaithe.
- líon saineolaithe teicniúla ionchasacha a bheith ann a rannchuideoidh leis an Eagraíocht.
- a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine luathghairme ar thaithí fhiúntach oibre lena gcáileofar iad chun rannchuidiú le misin eagraíochtaí idirnáisiúnta.
- timpeallacht oibre ina ndéantar daoine a chumasú laistigh agus lasmuigh de CTBTO a neartú.

### **Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo**

- Go mbeidh líon ban ann a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí inniúla do phoist luathghairme i réimse an neamhleata agus na dí-armála núicléiche.
- Tacú le mná luathghairme a bhfuil suim acu in CTBT.
- Feasacht a mhéadú maidir le córas fíorúcháin CTBT.
- Mná atá ina saineolaithe teicniúla a shainnithint agus a rannpháirtiú.
- Cur leis an líon saineolaithe (lena n-áirítear saineolaithe ó NDCanna) a d'fhéadfadh iarratas a dhéanamh ar phoist tríd an ngnáthphróiseas earcaíochta.
- An tuairisciú do Mheitheal B (WGB) maidir le Saincheisteanna Trasearnála a fheabhsú, lena gcumhdaítear tearcionadaíocht na mban i ngníomhaíochtaí a bhaineann le WGB.

## Aschur ionchasach

- Cohórt eile de 12 bhean luathghairme in ETIM ó réigiúin gheografacha atá faoi ghannionadaíocht a shainaithint, a fhorbairt agus tacú leis, ar mná iad a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí amach anseo i dtaobh phoist agus imeachtaí CTBTO ach tuiscint níos fearr a bheith acu ar CTBT agus ar a chóras fíorúcháin.
- Cuireadh chun taisteal go Vín agus páirt a ghlacadh i gClár Scáthfhoghlama CTBTO chun tuiscint níos fearr a fháil ar an Rúnaíocht ag deireadh an Chláir Meantóireachta. Cuirfidh na meantaithe i láthair an dul chun cinn a bheidh déanta acu le linn an Chláir Meantóireachta.
- Bainfear úsáid as ardán LinkedIn chun spás a fhorbairt a spreagann agus a éascaíonn an ceangal atá idir Meantaithe agus Meantóirí agus cuideofar leo a bheith ar an eolas i gcónaí faoi dheiseanna gairme agus gníomhaíochtaí CTBTO.

## Gníomhaíochtaí

- Ceardlann Ghairme (fíorúil) lena n-áirítear 3 chleachtadh (feabhsú scileanna).
- Ceardlann Chumarsáide (fíorúil) lena n-áirítear 3 chleachtadh (feabhsú scileanna).
- Ceardlann ón Ionad Sonraí Idirnáisiúnta (fíorúil) lena n-áirítear 3 chleachtadh (feabhsú scileanna).
- Ceardlann ón gCóras Faireacháin Idirnáisiúnta (fíorúil) lena n-áirítear 3 chleachtadh (feabhsú scileanna).
- Ceardlann ón gCigireacht ar an Láthair (fíorúil) lena n-áirítear 3 chleachtadh (feabhsú scileanna).
- Clár Scáthfhoghlama i bpearsa do mheantaithe.